Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2018
(OR. en)

10070/18
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0189 (COD)**

CODEC 1050
JUSTCIV 150
EJUSTICE 79
ECOFIN 617
COMPET 450
EMPL 325

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-ionadaítear Iarscríbhinn A agus Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/848 maidir le himeachtaí dócmhainneachta **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón tSlóivéin**

Tá Poblacht na Slóivéine i gcoinne go gcuirfí an dlí maidir le riarachán urghnách cuideachtaí ag a bhfuil tábhacht shistéamach do Phoblacht na Cróite (dá ngairtear dlí an riaracháin urghnách feasta) in Iarscríbhinn A agus Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta.

Ar an 14 Márta 2018, dhearbhaigh Cúirt Uachtarach Phoblacht na Slóivéine gur sárú ar an ord poiblí é dlí sin an riaracháin urghnách.

Agus fógra á thabhairt maidir le dlí sin an riaracháin urghnách, tarraingítear an cheist anuas an féidir dlí a áireamh sa Rialachán ar dlí é lena sáraítear bunphrionsabail an dlí shibhialta, dhlí na dócmhainneachta agus dhlí an Aontais i gcoitinne. Is ionann dlí an riaracháin urghnách agus idirghabhálachas stáit nó caomhnaitheacht eacnamaíoch mar gur rún leis cuideachta ag a bhfuil mórthábhacht do gheilleagar na Cróite a tharrtháil mar gheall ar mhéid na cuideachta sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí easaontú leis ó thaobh comhar dílis idir na Ballstáit de agus ó thaobh rialacha an mhargaidh inmheánaigh de. Is sárú é dlí an riaracháin urghnách ar bhunphrionsabal na córa comhionainne i leith creidiúnaithe, agus ní hé comhordú na n-imeachtaí i gcásanna dócmhainneachta a iarrtar leis ach dlúthú. Ina theannta sin, is gá dúinn a athdhearbhú go mbíonn ról ceannasach ag an stát i gceapadh coimisinéara urghnách agus nach ann do leigheas éifeachtach dlí do chreidiúnaithe i gcás ina gcuirtear tús le himeachtaí dócmhainneachta.

Chuir Poblacht na Slóivéine na hargóintí go léir i ndoiciméad WK 4276/2018.

Ina theannta sin, iarrann Poblacht na Slóivéine ar an gCoimisiún na tograí a bheidh ann amach anseo maidir le fógra a thabhairt a fhíorú ar bhonn níos críochnúla, agus measúnú a dhéanamh ar na tionchair dhiúltacha, ach go háirithe, a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.